An Coimisiún Eorpach

# Iris na hÉagsúlachta

*Scéalta faoin Aontas Eorpach, mar aon le scéalta faoin gcomhionannas agus faoin gcuimsiú in Éirinn*








**#UnitedinDiversity**






C6499


THE PRESIDENT'S AWARD




## Contents


4 Brollach

5 Réamhrá

6 Ag rith de ghrá na dlúthpháirtíochta

7 Sochaí atá níos cuimsithí

8 Cumhacht a thabhairt do na mná

9 Méar a shíneadh leis an bhfuath

10 Meon an chómhuintearais

11 Úsáid na cruthaitheachta le tacú le meabhairshláinte na hóige

12 Ealaín atá inrochtana do chách

13 Spás pobail don mhaireachtáil neamhspleách

14 An éagsúlacht a chothú san ionad oibre

15 Cabhrú le teaghlaigh agus le pobail atá i lúba an ghátair

16 An dara seans a thabhairt do dhaoine óga

17 Biseach aigne

18 Dúshlán na físe móire

19 Teagmháil leis an Aontas Eorpach

# Brollach



Is mór is cúis áthais dom mar Aire Stáit do Ghnóthaí Eorpacha fáilte a chur romhaibh go Iris na hÉagsúlachta.

Is gairid go mbeidh ballraíocht 50 bliain san Aontas Eorpach á ceiliúradh againn, agus is tráthúil an lá in aistear na hÉireann san Eoraip atá an Iris seo á foilsiú. Na scéalta atá le léamh san iris seo, is maith an léargas iad ar an mbeocht mhór atá in Éirinn, agus ar an éabhlóid leanúnach atá ar fhéiniúlacht na tíre, féiniúlacht atá fite fuaite leis an Aontas le caoga bliain anuas.

Ó tháinig Éire isteach san Aontas in 1973, is rímhór a chuaigh an claochlú sóisialta agus eacnamaíoch chun tairbhe di. Lenár linn féin, is den tsaoirse atá ag an saoránach a shaol a chaitheamh agus a chuid oibre a dhéanamh ina rogha Ballstát san Aontas Eorpach, agus is den tsaoirse atá ag mic léinn in institiúidí na hÉireann freastal ar Erasmus+ agus deiseanna léinn a thapú san Aontas Eorpach. Tá cónaí in Éirinn ar shaoránaigh ó thíortha an Aontais trí chéile, saoránaigh a chuireann leis an lucht saothair dinimiciúil ilghnéitheach atá againn.

Chomh maith leis sin, is bonn daingean é an tAontas faoin tsochaí shibhialta atá chomh bríomhar ar oileán seo na hÉireann inniu. Ár mballraíocht san Aontas, ba thacaíocht é do Phróiseas Síochána Thuaisceart Éireann trí infheistíocht i gcláir trasteorann mar chlár PEACE PLUS. Ó 1995 i leith, tá thart ar EUR 2.26 billiún de mhaoiniú geallta faoi na cláir do Thuaisceart Éireann agus do réigiún na teorann in Éirinn.

Bhí ról ríthábhachtach ag muintir na hÉireann freisin i bhfothú an Aontais Eorpaigh. Is maith an teist orainn an obair atá déanta againn i gceartlár ghnóthaí na hEorpa, sin agus an ionadaíocht ardleibhéil a dhéanaimid in institiúidí an Aontais Eorpaigh. Tá na céadta Éireannach ag obair i réimsí éagsúla in institiúidí an Aontais ar an saol seo. Is tosaíocht de mo chuid féin gairmeacha beatha san Aontas a chur chun cinn i measc na ndaoine óga, agus leanúint leis an traidisiún seo, trí straitéis Rialtas na hÉireann Gairm san Aontas Eorpach, straitéis a seoladh níos túisce i mbliana.

Is tábhachtach an rud fós tacú leis na pobail chun an éagsúlacht a chur chun cinn agus sinn i dtús téarnaimh i ndiaidh na paindéime. Is maith liom go bhfuil an Roinn Gnóthaí Eachtracha ag tacaíocht le heagrais Éireannacha ag leas a bhaint as maoiniú faoi phacáiste téarnaimh Next Generation EU tríd an gclár trí bliana Access Europe atá againn. Chomh maith le tacaíocht a chur ar fáil d'eagrais sheachtracha, tá an Roinn Gnóthaí Eachtracha tiomanta go hiomlán do chinntiú go bhfuil ár bhfoireann agus ár n-ionad oibre ionadaíoch ar na daoine agus ar an tsochaí a bhfuilimid ag freastal orthu.

Léiríonn an Iris seo an chaoi a bhfuil pobail na hÉireann, grúpaí sa tsochaí sibhialta, agus an tAontas Eorpach ag obair go dlúth as lámha a chéile chun ceiliúradh shaibhreas na héagsúlachta cultúrtha a chothú in Éirinn. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Barbara Nolan, Ceann Ionadaíocht an Choimisiúin Eorpaigh in Éirinn, agus leo siúd ar fad a bhfuil tuairisc san Iris seo ar an obair mhórthábhachta a dhéanann siad. Is cúis bhróid dúinn Éire a bheith i gcroílár an Aontais Eorpaigh agus í éagsúil cuimsitheach comhionann.

Go raibh maith agaibh.

Thomas Byrne TD

Aire Stáit do Ghnóthaí Eorpacha

## Réamhrá



Le blianta beaga anuas, tá athrú ó bhonn aníos ar shochaí na hÉireann. Is tír í atá níos ilchineálaí ná a bhí, í níos cuimsithí, í níos cothroime ná a bhí. Ní beag a chuir na tréithe sin leis an saibhreas agus leis an gcruthaitheacht atá againn, rud ba chúnamh le biseach a chur ar an tír. Ballraíocht na hÉireann san Aontas Eorpach maille le tiomantas an Aontais an t-idirdhealú agus an leatrom a chomhrac, sin agus an comhionannas a chur chun cinn, is tábhachtach na fachtóirí a bhí iontu sin i gcomhair an athraithe seo.

Is mór an tionchar a bhí ag reachtaíocht Eorpach ar chúrsaí comhionannais in Éirinn. Is doiligh a chreidiúint nár cheadmhach mná pósta a fhostú san earnáil phoiblí ach i ndiaidh 1973 nuair a tháinig Éire isteach san Aontas. San ionad oibre, dheimhnigh dlíthe an Aontais go bhfuil na mná i dteideal pá ar aon leibhéal leis na fir as an bpost céanna a dhéanamh. Chuir siad ráthaíochtaí dlíthiúla ar fáil freisin maidir le cothrom na Féinne agus cearta ar shaoire mháithreachais agus ar shaoire atharthachta.

Cheap an tAontas an chéad Chomhordaitheoir Frithchiníochais le déanaí, agus ghlac sé Plean Frithchiníochais an Aontais 2020-2025 chun dlús a chur leis an ngníomhaíocht in aghaidh an chiníochais agus an fhuatha. Tá a lán tionscnamh seolta aige freisin chun an t-idirdhealú in aghaidh na mban a chomhrac, mar aon leis an idirdhealú in aghaidh daoine LGBTIQ agus in aghaidh na Romach. Tá an tAontas agus Éire ag obair chun feabhas a chur ar staid shóisialta agus eacnamaíoch daoine faoi mhíchumas, ag tógáil ar an gCairt um Chearta Bunúsacha agus trí ghealltanais láidre maidir le hinrochtaineacht, iompar agus cóir chomhionann. Is de thosaíochtaí an Aontais agus de thosaíochtaí na hÉireann dul i ngleic leis an bhfuathchaint ar líne agus as líne araon.

Is fíor a rá freisin gurbh í Éire an chéad tír ar domhan a thug an pósadh comhghnéis isteach trí reifreann náisiúnta. In 2021, neartaigh Éire a cuid reachtaíochta maidir leis an mbearna phá idir na fir agus na mná, rud a d'fhág go raibh níos mó trédhearcachta ann i dtaca le pá comhionann. Faoi seo, tá Éire sa 7ú háit in Innéacs Comhionannais Inscne an Aontais Eorpaigh.

Nuair atá a oiread sin daoine as náisiúin agus cultúir éagsúla ag múnlú na sochaí ina mairimid, is tráthúil feasta machnamh a dhéanamh ar an gcaoi ar oibrigh Éire agus an tAontas Eorpach i bpáirt le chéile chun tacú leis an éagsúlacht, leis an gcomhionannas agus leis an gcuimsiú.

In 'Iris na hÉagsúlachta', cloisimid na scéalta faoin gcaoi ar oibrigh daoine aonair, pobail, eagrais agus údaráis áitiúla agus náisiúnta i bpáirt leis an Aontas Eorpach chun an éagsúlacht agus an cuimsiú a chur chun cinn, rud a chruthaíonn idir athrú dearfach agus togha na dtorthaí. Is snáitheanna coitianta iad an comhionannas agus an cuimsiú i mbeartais an Aontais agus is mór is tábhachtach séan a chur ar an Eoraip agus an ghné shóisialta a chothú inti. Is i dteannta a chéile is treise sinn mar shochaithe ilchineálacha nuair a atá meas ar gach uile mhíle duine agus sinn ar fad cuimsithe sa tsochaí.

Is fada an bóthar atá romhainn fós, ach faoi mar a dúirt Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, Ursula von der Leyen, "Ní dhéanfaidh mé dhá leath de mo dhícheall chun Aontas seo an Chomhionannais a bhaint amach."

Barbara Nolan

Ceann Ionadaíocht an Choimisiúin Eorpaigh in Éirinn

## Ag rith de ghrá na dlúthpháirtíochta



Is craoltóir agus iriseoir é Graham Clifford, fear a thug an-ghrá don rith nuair a bhí sé sna 30í, agus is é an smaoineamh mór a bhí aige an rith a úsáid le muintir na hÉireann agus daoine atá ag cur fúthu sna hionaid Soláthair Dhírigh a thabhairt le chéile. Dá réir sin, tháinig Runners Sanctuary ar an saol in 2018.

*"Le cúnamh maith a thabhairt do dhaoine, agus le pobail inmharthana a chothú, is í an dlúthpháirtíocht is mó is ceart a bheith ina spreagadh,"* arsa Graham, Comhordaitheoir Náisúnta Runners Sanctuary. *"Is beag duine nach bhfuil céim reatha ina dhá chois. Is álainn an rud an rith, rud dian dúshlánach, ach cuireann sé beocht mhór sa duine, agus is siombail é d'aistear na beatha, siombail a bhfuil fuascailt mhór inti."*

Ó mhí an Mheithimh 2021 i leith, tá níos mó ná 4,000 Runners Sanctuary ar fud na hÉireann i 29 n-ionad éagsúla; an ceathrú cuid de na daoine sin is lucht iarrtha tearmainn iad nó dídeanaithe.

*"Seo a leanas ráiteas misin an Runners Sanctuary: 'A chur ar a gcumas do mhuintir na hÉireann feidhmiú in éineacht le hiarrthóirí tearmainn agus le dídeanaithe, agus feidhmiú i ndlúthpháirtíocht leo': de bharr na foghlama a chuir Runners' Sanctuary orainn, agus de bharr chumhacht na foghlama sin, is cinnte gur fearr a thuigtear na hiarrthóirí tearmainn agus na dídeanaithe atá ina gcónaí go háitiúil sa tír óstach.*

*"Cuir ort an geansaí gorm Runners' Sanctuary, agus imíonn na lipéid ar fad le gaoth – dídeanaí, saoránach, iarrthóir tearmainn, cónaitheoir – agus ní bhíonn ann ach an duine féin. Ní thugaimid aon bhreithiúnas ar a chéile, ach tá meas againn ar a chéile."*

Is as an tSiombáib Busie Mhlophe agus cónaí uirthi i gCorcaigh anois. *"Ó thosaigh mé le Runners Sanctuary,"* a deir sí, *"Tháinig mé i dtuiscint ar an rud is dlúthpháirtíocht agus cairdeas ann, agus d'fhoghlaim mé céard is meas ann ó lucht Runners Sanctuary agus ón bpobal. Ghlac mé an-mhisneach dá bharr, agus is fearr an glacadh a bhí agam liom féin mar dhuine."*

In 2019, chuir an Coimisiún Eorpach an Runners Sanctuary ar ghearrliosta Dhuaiseanna Spóirt #BeInclusive an Aontais, agus mar a deir Graham *"bhí ríméad ar mo chroí".*

*"Chuamar chuig bronnadh na ngradam sa Bhruiséil, mé féin agus duine eile de reathaithe Runners Santuary – Yolanda ón tSiombáib. Is iarrthóir tearmainn a bhí inti san in Éirinn nuair a thosaigh sí ag rith in éineacht linn. Ní raibh sé ach cúpla seachtain roimh bhronnadh na ngradam nuair a tugadh de cheart di fanacht in Éirinn, agus den chéad uair leis na blianta bhí cead aici taisteal amach as an tír agus filleadh arís. Mar sin, an chéad turas thar lear aici an turas go dtí Gradaim Spóirt an Aontais ina cónaitheoir as Éirinn.*

*"Mar gheall ar na gradaim, is fearr an t-aitheantas a bhí ann dúinn sa bhaile. Tá tábhacht thar na bearta leis an tacaíocht a thugann an tAontas Eorpach do thionscadail a chothaíonn an dlúthpháirtíocht trí mheán an spóirt.*

*"Is sampla iad na gradaim do dhaoine eile a bheadh ag smaoineamh ar thionscnamh a bhunú chun daoine a thabhairt le chéile agus chun sochaithe níos comhtháite a fhothú ar fud na hEorpa agus lasmuigh di."*

## Sochaí atá níos cuimsithí

Is é Involve an príomhsholáthraí seirbhísí oibre don óige in Éirinn i measc an Luchta Siúil, sin agus do dhaoine óga ó chúlra imeallach.

Déanann an t-eagras bainistiú agus tacaíocht ar sheacht dtionscadal óige i nGaillimh, i Maigh Eo, i nDún na nGall agus sa Mhí, agus bíonn sé ag plé le níos mó ná 1,500 duine óg idir 10 agus 25 d'aois gach seachtain. Tionscadal amháin dá shórt sa Mhí, ghlac sé páirt in Erasmus+, clár faoi mhaoiniú ón Aontas Eorpach a thugann an deis staidéar, oiliúint, agus obair dheonach a dhéanamh i dtír eile san Eoraip, sin nó taithí oibre a fháil ann.

*"Is faoi Erasmus+ a tugadh an chéad phas Éireannach do dhaoine óga as Éirinn, is faoi a chuaigh cuid acu ar eitleán, is faoi a d'fhág siad tír agus teaghlach den chéad uair,"* arsa Kay McCabe, Oibrí Sinsearach Tionscadail ag Tionscadal Óige Involve sa Mhí.

Is é Léargas a dhéanann an bainistiú ar Erasmus+ in Éirinn. Dar le Kay gur rud ríthábhachtach an tacaíocht sin chun dul i ngleic leis an eisiamh sóisialta i measc an luchta siúil agus i measc na bpobal imeallacha, *"Mar is sinne an t-aon tionscadal óige atá ag an Lucht Siúil, an t-aon tionscadal malartuithe le haghaidh daoine óga faoi chlár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh. Murach an tacaíocht sin, go deo ní rachaimis sa seans ar Erasmus+."*

Is de thoradh na malartuithe sin dar le Kay a rinne na daoine óga a machnamh ar an rud is duine óg san Eoraip ann, sin agus ar phobal Lucht Siúil na hÉireann, agus an tábhacht atá leis an lipéad sin dóibh féin.

*"Buachaillí crua 16 bliana d'aois ón Lucht Siúil, d'fheicfeá an t-iontas ar lasadh ina súile ar an mbus i gcathracha na Spáinne, nó an gliondar a bhí orthu agus iad ag marcaíocht na dtonn sa Phortaingéil."*

Duine d'fhoireann Involve, duine den lucht siúil, bhí sé ar dhuine de ghrúpa oibrithe óige a bhí ag obair i gcomhar le Comhairle Náisiúnta Óige na hÉireann, agus roinnt comhpháirtithe Eorpacha eile, ar scéim darbh ainm 'Outside In'. Arsa Kay: *"Sin rud atá ina chúnamh leis an bhfuathchaint a chomhrac ar gach leibhéal. Ós duine de mhionlach eitneach a bhí sa bhall seo den fhoireann, is rud an-tábhachtach a bhí ann go gcloisfí a thuairim féin sa chás seo.*

*"Duine eile den dream óg, cailín ó cheantar atá dearóil go leor, chuir a hathair lámh ina bhás féin. An tacaíocht a bhí ar fáil di ó Involve, ba léas dóchais sa dorchadas di é nuair a bhí an saol ag cliseadh uirthi. Faoin am seo, tá sí ag dul isteach sa dara bliain sa choláiste le bheith ina hoibrí sóisialta leis an óige."*

Is é meabhairshláinte chlann an Luchta Siúil ab ábhar don chúrsa, arsa Kay, sin agus léargas ar an tábhacht a bhaineann le scileanna a láimhseáil agus cabhair a lorg. *"Cheap an grúpa feachtas meabhairshláinte dá gcuid féin i gcomhair chlann an luchta siúil. 'No Shame' is ainm dó.*

*"Mar gheall ar Erasmus+, beidh oscailt aigne ann i measc an luchta siúil, sin agus féidearthachtaí nua, mar tuigfidh an pobal mór cé na rudaí dearfacha is acmhainn do chlann an luchta siúil a chur i gcrích. Fágfaidh sé sin gur chuimsithí an tsochaí a bheidh againn."*



## Cumhacht a thabhairt do na mná

*"In 2017, nuair a seoladh EMPOWER, bhí sé d'aidhm ag Moil Nuálaíochta Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe, - Maigh Eo (GMIT) cur le rannpháirtíocht na mbanfhiontraithe,"* arsa Maria Staunton, Bainisteoir Mol Nuálaíochta in GMIT, agus Comhordaitheoir an Chláir EMPOWER. *"Is féidir cur le fás an gheilleagair ach cur le líon na mbanfhiontraithe atá gníomhach ann, rud a bhfuil géarghá leis i measc na tuaithe in Iarthar agus in Iarthuaisceart na hÉireann."*

Dhá ghné atá i gclár EMPOWER. Tá EMPOWER Start ann (smaointe leis an gcéad mhaith a dhéanamh). Is clár 12 sheachtain é sin atá dírithe ar thaighde an mhargaidh agus ar bhunú gnólachtaí (féach an grúpa 2020 EMPOWER sa phictiúr). An dara rud is cúrsa bliana é. EMPOWER Growth is ainm dó. Is cúrsa e sin le haghaidh na mban atá ag cur gnó ar bun agus iad ag féachaint le méadú agus fás a chur ar an obair.

Maidir le rátaí rannpháirtíochta saothair na mban in Éirinn, deir Maria gur rátaí ísle iad de réir na gcaighdeán idirnáisiúnta ainneoin go bhfuil níos mó deiseanna gairme ann. Is d'aidhmeanna clár EMPOWER an éagothromaíocht sin a chur ina ceart.

*"Tá struchtúr ann atá dírithe ar an tacaíocht atá ag teastáil ó gach gnólacht, taighdeanmhargaidh, díolachán, an mhargaíocht, na meáin shóisialta srl. Na mná a raibh mé féin ag obair leo, tá sé léirithe acu go bhfuil rún daingean acu an gnó atá acu a chur ag feidhmiú.*




*'Cé go bhfuil leibhéil arda uaillmhéine feicthe agam, tá easpa muiníne ag dul do chuid acu. Tá dúshláin ann maidir le cothromaíocht idir an obair agus an saol féin, rud nár cheart do lucht déanta beartas neamhaird a dhéanamh de."*

Gillian Berry ó Chathair na Mart, speisialtóir cáilithe agus altra cliniciúil, bhí sí rannpháirteach i gclár tionscnaimh EMPOWER Tosaigh in 2017. Bhunaigh sí PerCen Technologies freisin in 2019 mar fhreagairt ar na dúshláin a bhraith sí nach rabhthas ag smaoineamh orthu i réimse an chúraim sláinte.

*"Ba é an clár EMPOWER an chéad chéim sa phróiseas fiontraíochta,"* arsa Gillian. *"Thug sé tuiscint dom ar an aistear a bhí romham, sin agus tuiscint ar an saol mór, rud a fuair mé ó dhaoine eile a raibh gnó dá gcuid féin tosaithe acu. Thug sé de mhisneach dom dul chun cinn a dhéanamh agus mo chuid nuálaíochta a thabhairt chun cinn."*

I measc na rannpháirtithe eile ar éirigh go maith leo, tá Lorraine Corcoran ó Cosmetic Creations, bean eile a ghlac páirt sa chlár EMPOWER Growth. Tá bun déanta acu i gCorcaigh faoi seo, agus d'úsáid siad díghalráin Táirgí Airmedica in aghaidh COVID-19 fiú. Bhí mná ann a ghlac páirt ina dhiaidh sin i gclár New Frontiers faoi Fhiontraíocht Éireann, clár atá dírithe ar ghnólachtaí forásacha. Duine de na mná sin í Sarah McGuire (The Reading Academy) agus Yvonne Comer (Rugby Smarts).

Tá EMPOWER á chómhaoiniú ag Rialtas na hÉireann agus ag Ciste Sóisialta na hEorpa mar chuid de Chlár um Infhostaitheacht, um Chuimsiú agus um Fhoghlaim 2014-2020. Deir Maria gur rud ríthábhachtach atá sa tacaíocht sin.

*"Is branda mór é EMPOWER faoi seo, tá sé ag fás leis go breá, agus tá poist go leor á gcruthú dá bharr. Tá na mná sin ag réiteach an bhealaigh le haghaidh na bhfiontraithe a bheidh ann amach anseo, agus múineann siad an fhiontraíocht dá gclann chomh maith."*

## Méar a shíneadh leis an bhfuath

Bunaíodh an Lárionad Eorpach um Staidéar ar an bhFuath in Ollscoil Luimnigh in 2020, agus bhí sé d'aidhm aige tuiscint a fháil ar an eisiamh agus ar an deighilt a dhéanann an fuath ar dhaoine, agus na huirlisí a chur ar fáil chun freagairt go héifeachtach don fhuath.




*"Is é is príomhaidhm don tionscadal Eorpach seo sochaí do chách a bheadh oscailte cuimsitheach sábháilte,"* arsa an Dr Jennifer Schweppe, Comhstiúrthóir an Lárionaid. *"Is fís í seo atá faoi bhagairt ó thionchar na ndaoine ar mian leo mionlaigh a eisiamh ón tsochaí mar gheall ar an gcineál duine atá iontu, nó mar gheall ar an gcineál ruda a shamhlaítear leo, agus is tionchar é a bhfuil ag méadú air. Áit a ndéantar an fuath a pholaitiú, a chothú agus a chraobhscaoileadh trasna na teorann, is rud é nós maireachtála na hEorpa atá ceilte ar na pobail mhionlaigh."*




Faoi stiúir na gcomhstiúrthóirí an Dr Amanda Haynes agus an Dr Jennifer Schweppe, is de réir cúig théama a eagraítear obair an Lárionaid Eorpaigh um Staidéar ar an bhFuath: Tuiscintí Eorpacha ar an bhfuath; Ag éirí aníos san Eoraip agus í Cuimsitheach; Coir a dhéanamh den Fhuath; An Pobalachas, an Pholaitíocht, agus an tEisiamh; An t-imeall, agus an t-imeallachas.

Is tionscadal Call it Hate a raibh deich gcinn de thíortha na hEorpa páirteach ann, tionscadal a fuair maoiniú ó Chlár an Choimisiúin Eorpaigh um Chearta, um Chomhionannas agus um Shaoránacht. Ba iad an Dr Haynes agus an Dr Schweppe imscrúdaitheoirí na hÉireann ar an tionscadal seo, agus d'oibrigh siad i gcomhar le comhpháirtithe na sochaí sibhialta, Líonra na hÉireann um Chomhionannas Trasinscne. D'fhéach an tionscadal seo le tuiscint a fháil ar leibhéil na trasfhóibe, na déhfóibe agus na homafóibe ar fud na hEorpa. De bhun an taighde sin, reáchtáil na comhstiúrthóirí feachtas a bhain duaiseanna amach in Éirinn in 2019, 'Call it Out', a d'iarr ar dhaoine dul i ngleic le homafóibe, déhfóibe agus trasfóibe san áit a gcastar dóibh iad.

*"An easpa reachtaíochta i gcomhair na coireachta fuatha in Éirinn, d'fhág sé gur thábhachtach agus gur thráthúil an rud an maoiniú agus an taighde seo a dhéanamh.*

*"Níorbh fhéidir an tionscadal seo a reáchtáil gan maoiniú ón gCoimisiún Eorpach,"* arsa Jennifer. *"Dúshlán an fhuatha a thabhairt, an fuath a thabhairt chun follais, agus scrúdú a dhéanamh ar na bealaí inar féidir an éagsúlacht a chothú agus a cheiliúradh, sin taighde a bhfuil sé d'acmhainn aige tionchar a imirt ar mhúnlú na mbeartas, sin agus leas na bpobal imeallaithe a dhéanamh. Is maith leis an Lárionad Eorpach um Staidéar ar an bhFuath go mbeidh tuilleadh taighde á dhéanamh aige i bpáirt leis an gCoimisiún Eorpach chun an fuath a aithint agus a chomhrac."*

## Meon an chómhuintearais

Is é John Evoy a bhunaigh an Irish Men's Shed Association in 2011, agus is fear é atá luaite go mór leis an obair a chuidíonn leis na fir muinteoras a dhéanamh sa saol, cuma cén aois iad, cuma céard is cúlra dóibh, más i gcathracha agus i mbailte na hÉireann é, sin nó ar fud na tuaithe.

*"Tá os cionn 450 seid againn ar fud na hÉireann. Fir a meastar é a bheith deacair 'teanntás a chur orthu,' fir atá i mbaol a leithlisithe, bíonn deis acu scileanna nua a fhoghlaim, aithne a chur ar dhaoine, nó bualadh isteach le braon tae a ól agus tamall comhrá a dhéanamh,"* arsa Enda Egan, Príomhfheidhmeannach an Irish Men's Shed Association. *"Níl seachtain roimh COVID nár thug 12,000 fear agus tuilleadh nach iad cuairt ar cheann de na seideanna seo ar fud na hÉireann. Ó tháinig COVID, bíonn cumarsáid ag an gCumann leis na baill. Tarlaíonn sin ar líne agus ar an nguthán araon."*

Deir Enda gur tionscadal é a chuir athrú mór ar shaol daoine go leor, daoine ar baineadh tuisle astu ar an mbealach. *"Duine de na baill, David 'Daithí' Cusack, baineadh trí mhéar dá láimh mhaith i ndrochthimpiste tionsclaíocht i 1996. As sin go ceann tamall de bhlianta, deir Daithí gur shleamhnaigh a chuid neamhspleáchais uaidh, is gearr gur thit sé i bhfeoil, agus is é deireadh an scéil go raibh taom croí aige in 2014.*





*"Ar ámharaí an tsaoil, tháinig sé slán, agus nuair a tháinig, gheall sé dó féin go bpreabfadh sé aníos le paisean nua don saol. Bhunaigh sé Men's Shed ar an Tulaigh Álainn i gContae Lú, tá 18 mball ann faoi seo, agus is maith a chabhraíonn siad le Daithí an lá is uaigní dó, faoi mar is maith a chabhraíonn seisean leosan. Murach na fir sa Men's Shed, ba dheacra go mór dom déileáil le bás mo dheartháireacha, a deir Daithí, agus is fada leis go mbeidh sé ina measc arís sa tseid."*

In 2018, bhuaigh an Irish Men's Sheds Association Duais Eorpach na Saoránach, duais a bhronnann Parlaimint na hEorpa mar aitheantas ar an ngaisce eisceachtúil a dhéanann na hEorpaigh. *"Is mór an t-aitheantas a bhí anseo don obair ar fad atá déanta ag lucht na seideanna in Éirinn le leathscór bliain anuas, agus is maith a léirigh sé nach mór maoiniú agus tacaíocht a choinneáil leis an obair seo go fóill, is é sin an obair a dhéanann an Irish Men's Sheds Association ar son na bhfear.*

*"Thóg siad binsí nua sa pháirc áitiúil; thiomsaigh siad airgead sna paróistí máguaird; níl gníomh dá ndearna ár gcuid ball ar fud na hÉireann nár chuir a chomaoin féin ar bhuachan na duaise. Is breá an cruthúnas a bhí ann gur rud é an cuimsiú sóisialta a chuireann feabhas ar na pobail éagsúla sa tír.*

*"Is é an rud is mó atá i gceist leis na seideanna fir ó gach cineál cúlra a thabhairt le chéile, agus léiríonn an gradam gur féidir torthaí móra a bhaint amach ach éagsúlacht mheoin agus mheanman a bheith i measc an chomhluadair."*

## Úsáid na cruthaitheachta le tacú le meabhairshláinte na hóige






Is éard atá á reáchtáil ag Garry McCarthy sa Kabin Studio i gCorcaigh mol foghlama cuimsitheach le haghaidh an phobail i réimse na n-ealaíon agus chleachtadh na n-ealaíon, mol a thugann deis do dhaoine óga páirt a ghlacadh i gclár comhtháite na gceardlann cuma cén aois iad, cuma cén cumas atá iontu, cuma cén cúlra atá acu. *“Is d’aidhmeanna na gceardlanna seo idir mhuinín, fhéiniúlacht, scileanna, infhostaitheacht agus chruthaitheacht na ndaoine a fhorbairt tríd an gceol, rap agus hip hop, an ealaín, an drámaíocht, an scríbhneoireacht, na meáin dhigiteacha, an códú agus an gharraíodóireacht,”* arsa Garry.

Is mar chuid de Stiúideo Kabin a forbraíodh It’s OK Cork. Tháinig an tionscadal ar an saol mar ba mhian le Dzana Bukvic, bean a bhunaithe, oideachas a chur ar dhaoine óga faoi chúrsaí mheabhairshláinte. *“Thuigeamar an tábhacht a bhaineann le spás sábháilte a bheith ann, spás ina mbraithfeadh daoine óga go rabhthas ag éisteacht leo, spás a bhféadfaidís a dhul ann le treoir a fháil,”* arsa Dzana.

Is oibrí deonach í Livia Mendes le The Kabin Studio, agus is maith uaithi labhairt ar son thionscnamh It’s OK Cork, mar nuair a d’aistrigh sí féin go hÉirinn ón mBrasaíl in 2019, bhí fáilte roimpi ann. *“Nuair a tháinig mé go Corcaigh, ní raibh aithne agam ar dhuine ar bith anseo. De bharr a bheith gan cheangal le daoine eile, is mór an t-uaigneas agus an imní a bhí orm.*

*“Is de thaisme a chas mé le Dzana, agus thug sí isteach sa ghrúpa mé láithreach bonn. De bharr a bheith ag déanamh obair dheonach, d’éirigh liom líonra tacaíochta a chruthú, agus bhí teagmháil agam le gníomhaíochtaí a raibh eolas agam orthu ó mo thír féin, áit a raibh mé i m’éascaitheoir ar cheardlanna ealaíne mar shampla.”*

Tá It’s Ok Cork á mhaoiniú ag Cór Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh agus ag Léargas. Arsa Lívia: *“Go leor de na hoibrithe deonacha agus de na daoine óga atá páirteach sa tionscadal, is inimircigh iad nó daoine óga, cuir i gcás, daoine atá ina gcónaí i gceantair faoi mhíbhuntáiste.*

*“Is mór an tábhacht atá leis an tacaíocht a fhaighimid ó Chór Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh agus ó Léargas chun costas na gcúrsaí a chlúdach, mar aon le costas na gceardlann, costas an ábhair, agus an costas a bhaineann le feabhas a chur ar ionad cruinnithe Kabin Studio. Seo é an smaoineamh atá ann: gníomhaíochtaí agus spásanna níos cuimsithí a chur ar fáil a mbeidh daoine óga ar a gcompord i gcomhluadar a chéile agus a bhféadfaidh siad iarraidh ar chuid den phobal bualadh isteach iontu.”*

Le linn na paindéime, rinne It’s OK Cork comhordú ar cheardlann drámaíochta ar líne, agus nuair a cuireadh deireadh leis na srianta, thionóil sé ranganna yoga sa pháirc leis na hoibrithe deonacha. *“Ní beag an dícheall a rinneamar le teagmháil a dhéanamh ar líne, go háirithe trí Instagram.*

*“Faoi mar a tharla, bhí an-ghealladh faoin méid a tharla ar líne. San am atá romhainn, leanfaimid orainn leis na gníomhaíochtaí ar líne ionas go mbeidh ceangal againn le daoine i bhfad i gcéin, ach beidh na gníomhaíochtaí idirphearsanta á neartú againn chomh maith.”*

## Ealaín atá inrochtana do chách

Is de bharr Walls International Street Art Festival Phort Láirge is fearr atá aithne ar The Walls Project (TWP), tionscadal pobail a cruthaíodh é in 2015 chun athnuachan a dhéanamh ar an gcuid ba thréigthe agus ba bhánaithe de Chathair Phort Láirge. Baineann an fhéile seo leas as éirim na healaíne chun creatlach shóisialta agus eacnamaíoch an phobail i gcoitinne a shaibhriú agus a fheabhsú.

*"Ainneoin na ndúshlán a bhí ann de dheasca COVID-19, d'éirigh leis an Walls Project an 6ú agus an 7ú Walls Festival a eagrú i bPort Láirge in 2020 agus in 2021,"* arsa Kerri Haberlin, gairmí agus riarthóir bainistíochta le Féile Ealaíne Waterford Walls. *"Cuireann sé brí agus beocht i mballaí na cathrach, agus is cúis é le bheith bródúil as an gcathair féin."*

Gné lárnach d'fhís an tionscadail seo is ea cumhacht chlaochlaitheach na healaíne uirbí – an chaoi a músclaíonn na spásanna mar gheall air, agus an chaoi a spreagann sé na daoine. Is é is misean don fhéile pobail éagsúla a nascadh le chéile trí bhíthin ealaín sráide na féile. Deir Kerri go raibh tionchar dearfach aige sin ar na pobail éagsúla atá i bPort Láirge.



*"Bíonn scóip na féile ag méadú ó bhliain go chéile chun áiteanna éagsúla a thabhairt faoina scáth. Bhí scéalta ann faoi phéinteáil na mballaí agus faoin mórtas a chuir sé sin ar dhaoine sa cheantar a bhfuil cónaí orthu. Ba mhaith leo a gcuid ballaí féin a phéinteáil agus gan an áit a ligean ó shlacht agus ó mhaise. Tarraingíonn sé caint i measc na ndaoine faoi scéal na healaíne, agus meallann sé amach iad le braon tae a ól agus píosa cainte a dhéanamh!"*



Is ar an gcothromaíocht idir na hinscní a bhí féile na bliana 2021 dírithe, agus cuireadh ábhair ealaíontóirí ag obair le healaíontóirí seanbhunaithe faoi chlár meantóireachta ar mhaithe le taithí agus le forbairt scileanna.

Rinne The Walls Project an tionscadal Murals for Communities a sheoladh freisin, tionscadal a chruthaíonn múrphictiúir ealaíonta le rannpháirtíocht an phobail. Chuathas i bpáirt le healaíontóirí idirnáisiúnta agus le grúpaí pobail áitiúla, an Vita Community Hub, Aiséirí Addiction Treatment Centre, agus teach altranais Dhroichead Chill an Iúir, i gcomhair an tionscadail 'Open the Door' in 2020. Dearadh trí bhalla chun teachtaireacht an chuimsithe agus na saoirse a chraobhscaoileadh, dearadh amháin díobh ina fhuinneog dóibh siúd a fuair an bua sna Cluichí Oilimpeacha Speisialta, mar aon le teachtaireachtaí dlúthpháirtíochta le linn COVID-19.

Fuair tionscadal Waterford Walls EUR 90,000 ón Eoraip Chruthaitheach i gcomhair an tionscadail 'Murals for Community' agus chuir sé tacaíocht agus maoiniú ar fáil dóibh chun oibriú le healaíontóirí atá bunaithe san Eoraip. D'fhág sin go raibh siad in ann an gréasán a fhairsingiú agus a dhul i gcomhar le tionscadail eile.

*"Táimid ag obair le go leor ealaíontóirí atá bunaithe san Eoraip, agus cuireann an tAontas Eorpach tacaíocht ar fáil i gcomhair taisteal, maoiniú agus lónrú. Ba chúnamh an tacaíocht sin chun pobail agus daoine ó thíortha éagsúla a thabhairt le chéile i bPort Láirge le hatmaisféar a bhí croíúil cruthaitheach. Is ealaín an-daonlathach atá san ealaín sráide, ealaín atá ar fáil do chách."*

## Spás pobail don mhaireachtáil neamhspleách

Is grúpa daoine faoi mhíchumas a bhunaigh an Sligo Centre for Independent Living in 1996. Is é is aidhm dóibh an neamhspleáchas a chur chun cinn oiread is féidir i gcás gach uile dhuine atá faoi mhíchumas go fisiceach ar mhaithe le cuimsiú agus le cumhachtú na ndaoine sin ina bpobal féin. Le himeacht na mblianta áfach, thuig an tIonad gur dheacair do bhaill go leor dá gcuid a bheith lánpháirteach ina bpobal féin ainneoin gurbh é sin ba mhian leo.

*"Tá an baol ann gur tuilleadh imeallú agus leithlisiú an toradh a bheidh air sin,"* arsa Daniel Bennett, taighdeoir le Irish Rural Link atá ag obair ar Thionscadal Náisiúnta an Ghréasáin Tuaithe. *"Bhunaigh an tIonad mol pobail chun an cheist seo a tharraingt anuas, agus chuige sin cruthaíodh spás i gcomhair an phobail ar fad chun bualadh le chéile agus chun páirt a ghlacadh ann. Seo é an chéad mhol pobail den chineál seo in Éirinn. 'Number 45' is ainm dó, agus is i mbaile Shligigh atá sé lonnaithe."*

Tá Daniel freagrach as ábhar a bhaineann le clár LEADER thar ceann an Ghréasáin Tuaithe Náisiúnta (líonra ballraíochta le haghaidh na bhfeirmeoirí, le haghaidh pobail tuaithe, agus le haghaidh daoine eile ar spéis leo forbairt na tuaithe). Cuidíonn clár LEADER le pobail tuaithe ar fud an Aontais i stiúradh na forbartha áitiúla ina gceantar féin. Leis an maoiniú atá ar fáil do na hoibreacha caipitil, agus an EUR 62,838 de thacaíocht LEADER AE atá á íoc leis go díreach, cruthaíodh an mol pobail agus osclaíodh na doirse in 2019.

Arsa Daniel: *"Tá sé d'aidhm ag an tionscadal seo sláinte agus folláine na n-aíonna a fheabhsú, agus chuige sin tá deiseanna breise á dtabhairt don idirghníomhaíocht fhisiceach agus shóisialta. Is foirgneamh é seo atá inrochtana go hiomlán, agus tá spásanna agus acmhainní ann a fhágann gur féidir le daoine páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí éagsúla ann. Ina measc sin tá cluichí, ealaíona agus ceardaíocht, drámaíocht, ceol, agus spáisín beag taobh amuigh le haghaidh na dtionscadal garraíodóireachta."*



Na spásanna oibre ar fad i Number 45, is spásanna iad a dearadh i gcomhair lucht na gcathaoireacha rothaí ionas gur féidir leo an spás a úsáid gan mhíbhuntáiste. Mar gheall ar struchtúr na ngníomhaíochtaí sa mhol, is féidir le gach duine a bheith rannpháirteach iontu.

*"Is sampla an-mhaith é an tionscadal seo de théama an chuimsithe shóisialta LEADER,"* arsa Daniel. *"Is é an aidhm atá ag an mol na constaicí atá idir codanna éagsúla den phobal a laghdú, agus a áit féin a bheith ann do chách. Tá spás cruthaithe ann chun baill uile an phobail a nascadh le chéile, spás a bhféadfaidh daoine bualadh le chéile agus teanntás a chur ar a chéile, idir daoine ar cailleadh duine dá muintir, daoine a bhfuil uaigneas orthu, daoine atá faoi mhíchumas, daoine ábalta, daoine aosta, daoine óga agus daoine a bhraitheann nach bhfuil lipéad orthu in aon chor."*

Arsa Maria Mulligan, Príomhfheidhmeannach an Sligo Centre for Independent Living: *"Is é atá i gceist leis an tionscadal seo an acmhainn agus an fiúntas atá sa phobal a fheiceáil sna daoine atá ann, daoine a chuirfidh comaoin ar dhlúth agus inneach an phobail ar bhealaí éagsúla. Is éard a bhí uainn spás a chruthú ina mbeadh na húsáideoirí ar fad ar a gcompord, agus fios acu gur cuid den phobal iad féin."*

## An éagsúlacht a chothú san ionad oibre

Ó seoladh Cairt Éagsúlachta na hÉireann in 2012, tá sí sínithe ag 64 eagras, rud a léiríonn a thiomanta atá siad don éagsúlacht, don chomhionannas agus don chuimsiú san ionad oibre faoi chreat atá curtha in oiriúint do chomhthéacs na hÉireann.

Diversity Charter Ireland

*"Bhí Cairt Éagsúlachta ag tíortha eile de chuid an Aontais Eorpaigh cheana, agus shíl mé féin go bhféadfadh a leithéid a bheith in Éirinn chomh maith,"* arsa Maria Hegarty, bunaitheoir agus stiúrthóir bainistíochta Equality Strategies Ltd, agus duine de bhunaitheoirí Cairt Éagsúlachta na hÉireann. *"Is é an fáth a síneodh cuideachtaí an Chairt le tabhairt le fios iad a bheith tiomanta do bhainistiú éifeachtach na héagsúlachta, do chosc an idirdhealaithe, agus do chur chun cinn an chomhionannais."*

I measc na chéad chuideachtaí a shínigh an Chairt tá An Post, Dell, Bus Átha Cliath, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, BSL, Equality Strategies, Ibec, Permanent TSB, Rehab, Sodexo, agus Telefonica. Chuir cuideachtaí eile síniú leis an gCairt Éagsúlachta ina dhiaidh sin, agus orthu sin Bus Éireann, Google, Ikea agus Novartis.

Is cuid iad sin feasta de phobal ina bhfuil os cionn 12,000 eagras in 26 Chairt Éagsúlachta ar fud an Aontais, cairteacha a bhfuil ar a laghad 16 milliún fostaí faoina scáth. Tacaíonn an Coimisiún Eorpach leis an ngníomhaíocht seo trí bhíthin Ardán an Aontais Eorpaigh le haghaidh Cairteacha um an Éagsúlacht.

Bhí Equality Strategies ar cheann de na 11 eagras bunaitheoirí, agus is iad a dhéanann an bainistiú ar Chairt Éagsúlachta na hÉireann. *"Táimid ag tacú le fás Chairt Éagsúlachta na hÉireann mar aon le leathnú Chairteacha Éagsúlachta an Aontais Eorpaigh, agus táimid ag obair leis an gCoimisiún Eorpach chun an éagsúlacht, an comhionannas agus an cuimsiú i gclár an ionaid oibre a chur i dtábhacht."*

Ó 2019 i leith, tá Cairt Éagsúlachta na hÉireann ar cheann de na trí phríomh-chomhpháirtí sa Chlár um Chearta, um Chomhionannas agus um Shaoránacht AE @Work project, agus tá 10 gCairt Éagsúlachta náisiúnta ann, ón gCróit, ón tSeicia, ón Eastóin, as Éirinn, ón bPolainn, ón bPortaingéil, ón Róimín, ón tSlóivéin, ón tSlóvaic agus ón Spáinn.

*"Trí bhíthin an tionscadail seo, rinneamar an obair chun uirlisí praiticiúla soláimhsithe a fhorbairt leis na Cairteacha Éagsúlachta náisiúnta a thabhairt ar láimh do lucht a sínithe. Tá cúrsa foghlama ann maille le físeáin, ceisteanna agus cleachtaí, cúrsa neamhchlaonta neodrach is féidir a leanúint as féin, sin nó i dteannta le seisiúin oiliúna.*

*"Is iomaí sin buntáiste atá i gcothú na héagsúlachta agus an chuimsithe ar láthair na hoibre: an dea-chlú, breis nuálaíochta de bharr éagsúlacht na smaointe, méadú ar an gcruthaitheacht, feabhas i bhfeidhmiú na foirne, scoth na bhfostaithe a bheith á mealladh le bheith ag obair leis an eagras."*

## Cabhrú le teaghlaigh agus le pobail atá i lúba an ghátair

*"Tá sé d'aidhm ag an gCiste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí (FEAD) cabhrú le daoine an bhochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta a fhágáil ina ndiaidh, agus aghaidh a thabhairt ar na riachtanais is bunúsaí i.e. bia agus ábhair bhunúsacha le haghaidh úsáid phearsanta,"* arsa Des Henry, an té atá i gceannas ar an Supplementary Welfare Allowance Policy Unit a bhainistíonn cur chun feidhme FEAD in Éirinn.

Fuair FEAD Éireann EUR 22.8m ina mhaoiniú AE i gcomhair na tréimhse 2014-2020, agus chuir Rialtas na hÉireann EUR 4m breise ar fáil.

*"Tacaíonn FEAD le gníomhaíochtaí a chuireann cabhair ar fáil do na daoine is díothaí sa tsochaí, idir daoine gan dídean agus leanaí i dteaghlaigh ísealioncaim nó i dteaghlaigh atá ar bheagán oibre, cabhair a chuirtear ar fáil ón gClár Oibriúcháin Bia agus Bunábhar Náisiúnta,"* arsa Des. *"Mar shampla, tugadh EUR 800,000 do Chros Dhearg na hÉireann ina mhaoiniú díreach ón gclár FEAD chun cabhrú le himircigh nua in Éirinn le boscaí sláinteachais a cheannach."*

Tá FEAD ag tacú le teaghlaigh leochaileacha in Éirinn leis an tionscnamh 'School Stationery Kits' freisin.

*"Cabhraíonn seo le teaghlaigh faoi mhíbhuntáiste na costais a bhaineann le páistí atá ag dul ar ais ar scoil a ghlanadh,"* arsa Des. *"Deimhníonn sé go mbíonn an soláthar riachtanach ag na leanaí, agus go laghdaíonn sé an náire is baol i gcás na leanaí is boichte."*

Go dtí 2020 anall, dáileadh os cionn 120,000 bosca stáiseanóireachta scoile ar chostas os cionn EUR 3m ar leanaí de chuid tairbhithe bia FEAD agus ar leanaí a bhfuil cónaí orthu in ionaid Soláthair Dhírigh, in ionaid a chuireann treoir éigeandála ar fáil, agus in ionaid fáilte, mar aon le leanaí atá ar lóistín éigeandála de bharr a bheith gan dídean. Bhí 45,000 bosca eile á ndáileadh in 2021. Is cúnamh iad na heagrais charthanachta le teacht orthu siúd is boichte ar fad. Mar shampla, rinne COPE na Gaillimhe, eagras carthanachta áitiúil, os cionn 700 bosca scoile (féach an pictiúr) a dháileadh ar theaghlaigh i nGaillimh atá i mbaol na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta.

Deir Packie Kelly ó Theach na nDaoine, ionad na n-acmhainní teaghlaigh i Muineachán a chuir trealamh scoile ar fáil do thart ar 10 n-eagras eile: *"Níl seachtain nach nglaonn teaghlaigh orainn nach bhfuil dhá ghreim sa teach acu, teaghlaigh nach mbeadh an t-airgead acu le mála scoil a cheannach, ní áirím ábhar i gcomhair na scoile. Tá scéalta ann faoi pháistí a bheith ag maíomh as an méid a fuair siad sa bhosca scoile. Feictear do na páistí sin anois go bhfuil siad féin ar aon chéim leis na páistí eile."*




Beidh clabhsúr ar chlár reatha FEAD i ndeireadh na bliana seo, ach faoi mar a deir Des, *"In 2022, beidh FEAD faoi chlár nua Chiste Sóisialta na hEorpa Plus, clár a bhfuil sé d'aidhm aige an Eoraip a bheith níos sóisialta agus níos cuimsithí.*

*"I measc na bpríomhthosaíochtaí, tá an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí a fhéachann le comhionannas deiseanna a chur chun cinn i gcomhair na leanaí atá i mbaol na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta, mar aon le clár Next Generation EU, rud a thabharfaidh fócas do thionscnamh School Stationery Kits FEAD san am atá le teacht."*

# An dara seans a thabhairt do dhaoine óga

*"Is pribhléid dom féin an bóthar a shiúl in éineacht leis na daoine óga ar fad a mbím ag obair leo,"* arsa Shane Mulvey, oibrí óige le Seirbhís Óige an Chláir.

Tá an Ennis Garda Youth Diversion Project á reáchtáil in Inis ag Seirbhís Óige an Chláir le 22 bhliain anuas. Is tionscadail iad seo atá i ngach cearn den stát. Seo é is aidhm dóibh: teanntás a chur ar dhaoine óga idir 12 agus 17 mbliana d'aois a bhfuil nósanna frithshóisialta acu nó claonadh chun coiriúlachta iontu, nó a bhfuil an baol sin ann, agus iad a spreagadh le roghanna dearfacha a dhéanamh i dtaca leis an saol a chaitheann siad.



*"Is sásamh dom féin go pearsanta é nuair a ghlacann duine óg páirt ghníomhach sa tionscadal. Déanaim mo dhícheall iad a chumhachtú duine ar dhuine ionas go dtiocfaidh bláth ar a gcuid tréithe féin."*

Bhí Peter Molloy ar dhuine de na daoine óga a lean an próiseas nuair a bhí sé 16. Bhí sé de nós ag Peter (ar chlé sa phictiúr) troid agus achrann a tharraingt air féin, ach de bharr a bheith páirteach sa chlár, d'éirigh leis deiseanna go leor a thapú.

Arsa Shane: *"Fuair Peter tacaíocht a chuir i dtreo an oideachais é, a bhuíochas sin do Youthreach. Agus rud mór eile, d'fhoghlaim sé le slat iascaigh a ghléasadh! Ní hin é an méid, mar d'éirigh leis a cheadúnas tiomána a fháil trí Chód Bóthair UPS, clár a reáchtálamar féin. Fágann sin go bhfuil deis taistil aige le freastal ar chúrsaí oiliúna nó le fostaíocht a fháil."*

Is cloch mhíle a bhí ann i saol Pheter nuair a saolaíodh a bheirt iníonacha. Tá sé in ann a bheith ag tuilleamh airgid anois, a bhuíochas sin leis an gclár. Deir Peter *"gur mhúin an tionscadal ciall dó."* Murach Youthreach is baol nach bhféadfadh sé ioncam a thuilleamh, agus nuair a bhí sé glan ar an achrann, *"Bhí mé in ann mo bhealach a dhéanamh agus aire a thabhairt do mo chlann."*

Arsa Shane: *"Tá an-mhisneach ag Peter ar an aimsir seo. Faoi láthair, is ag fanacht ar phas sábháilteachta atá sé ionas go bhféadfaidh sé a dhul ag obair ar láthair thógála. Tá sé ar ais ag imirt sacair leis an gclub áitiúil, agus níor chaith sé uaidh an tslat iascaigh fós!"*

Is é Ciste Sóisialta na hEorpa a íocann as na tionscadail sin, ciste a chuireann an fhostaíocht agus an cuimsiú sóisialta chun cinn. Deir Shane mar gheall ar an maoiniú seo gur chuir sé ar a chumas do Sheirbhís Óige an Chláir daoine óga a chur i dtreo na fostaíochta agus deathoradh a bhaint as an saol.

Deir Shane: *"D'uireasa na tacaíochta sin, ní fhéadfadh ár gcuid tionscadal fás ná ní fhéadaimis cúigear oibrithe lánaimseartha a fhostú le freastal ar Chontae an Chláir. An maoiniú a thug Ciste Sóisialta na hEorpa don tionscadal s'againn féin, is mór an chomaoin a chuir sé ar an gcuimsiú sóisialta in an mbaile."*

## Biseach aigne

*"Is rud thar a bheith tábhachtach labhairt faoi chúrsaí meabhairshláinte, agus folláine duine a fhágáil faoina chuid smachta féin,"* arsa Cathy Mc Closkey, bainisteoir tionscadail Innovation Recovery.

Is tionscadal trasteorann atá anseo a bhfuil maoiniú ón Aontas aige, tionscadal a sheol Co-operation and Working Together (CAWT) agus an Health and Social Care Partnership in 2018 chun líonra meabhairshláinte a bhunú idir Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann. Cuireann an tionscadal réimse leathan cúrsaí oideachais ar fáil in aisce go háitiúil, cúrsaí a chuireann an téarnamh meabhairshláinte agus an folláine meabhairshláinte chun cinn.

Daoine a bhfuil taithí acu féin ar riachtanais na meabhairshláinte, agus daoine eile a bhfuil taithí ghairmiúil agus eolas gairmiúil acu sa réimse sin, sin iad a scríobhann na cúrsaí, agus is iad a chuireann i láthair iad.




*"As an 24 ball foirne atá ag obair ar Innovation Recovery faoi láthair, tá taithí saoil ag 14 díobh ar riachtanais na meabhairshláinte, rud a dhéanann difear an-mhór ar fad. Is é is aidhm do na cúrsaí cuidiú leis na rannpháirtithe leas a bhaint as an teacht aniar agus as an tseiftiúlacht atá iontu féin."*

Is in 3 mhol trasteorann atá an tionscadal á sheachadadh, trí mhol a chlúdaíonn 12 chontae in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann. An cur chuige trasteorann, is cúnamh a bhí ann don fhoireann an rochtain agus an rannpháirtíocht a leathnú trí chúrsaí a thairiscint sna ceantair imeallacha agus sna ceantair thuaithe.

*"I réigiúin na teorann, is lú deiseanna atá ag daoine óga thar aon ghlúin eile le leas a bhaint as seirbhísí. Tá nasc láidir idir stádas sláinte a bheith lag agus easpa a bheith ann go sóisialta agus go heacnamaíoch. Is i gcuid de na réigiúin teorann i gcontaetha Dhoire, Fhear Manach agus Dhún na nGall faoi seach is measa atá díth agus easpa le sonrú."*

I mí an Mheithimh 2021, sheol foireann thionscadal Innovation Recovery an Recovery College nua ar líne, an chéad choláiste dá leithéid in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann, coláiste a thabharfaidh seirbhísí do pobal níos leithne, is é sin seirbhísí meabhairshláinte atá cumasaithe go digiteach.

Deir Margaret Dooley, Príomh-Oide na bPiaraí leis Innovation Recovery: *"Tá taithí phearsanta agam féin ar an imní agus ar an duibheagán aigne. Is i réimse na hoiliúna atá mo chúlra gairmiúil féin, agus chonacthas dom gur bhreá an deis a bhí anseo le tacaíocht a chur ar fáil. Tá mé féin ag freastal ar chúrsaí ar líne ó thosaigh an dianghlasáil COVID-19. Faoin am seo, is álainn an muintearas eadrainn, agus ní i m'aonar atáim. Ba mhaith linn a leithéid sin a bheith ag daoine eile inár dtimpeall."*

Tacaíonn Clár INTERREG VA an Aontais Eorpaigh le Innovation Recovery, agus is é Comhlacht na gClár Speisialta AE atá á bhainistiú.

Arsa Cathy: *"Maidir leis an maoiniú EUR 7.6 m, is cúnamh é leis na daoine a chumhachtú, agus le cur ar a gcumas dóibh tuilleadh smachta a fháil ar an bhfolláine meabhrach agus mothúchán dóibh féin trí oideachas a chur ar fáil mar bhealach chun téarnaimh.*

*"Is mór an tionchar a bhí ag an tionscadal orainn, agus is tairbhiúil a d'fhreastail 4,000 duine nó mar sin ar chláir mheabhairshláinte agus folláine. Tá sé d'aidhm ag an gclár cuid den stiogma agus den tost a bhriseadh, stiogma agus tost a thagann salach ar dhaoine agus iad ag lorg tacaíochta nuair is cráite a bhíonn sé ag teastáil."*

## Dúshlán na físe móire

*"Is éard is Gaisce – Gradam an Uachtaráin ann clár le haghaidh na féinfhorbartha i measc daoine óga a bhfuil aitheantas náisiúnta aige in Éirinn, clár arb ann dó le 35 bliain anuas,"* arsa Sanaz Hedayati, bainisteoir tionscadail le Wavelength faoi choimirce Gaisce.



*"Gaisce, is é sin 'éachtaí móra', is clár é a fhéachann lena chinntiú go bhfuil deis ag gach duine óg, cuma faoi na cúinsí saoil atá acu, an gradam seo atá aitheanta go náisiúnta a bhaint amach."*

Sampla amháin den obair seo is ea Wavelength, tionscadal a bunaíodh in 2019. *"Is cuid den obair lánpháirtithe agus éagsúlachta a dhéanann Gaisce é tionscadal Wavelength. Is éard is aidhm dó daoine faoi bhun 26 bliana d'aois a thabhairt faoi scáth chlár Gradam Gaisce, daoine atá ag iarraidh tearmainn, nó daoine a bhfuil stádas an dídeanaí acu, agus deis a thabhairt dóibh Gradam Gaisce a bhaint amach."*

Fuair Wavelength maoiniú ó Chiste an Aontais Eorpaigh um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht chun tacú le daoine óga idir 14 agus 17 mbliana d'aois. *"Mar gheall ar an tacaíocht seo, is féidir clár Gaisce a leathnú amach chun freastal ar riachtanais a lán daoine óga in Éirinn atá ag lorg tearmainn nó a bhfuil stádas dídeanaí acu. D'éirigh linn na costais chláraithe a chlúdach i gcás rannpháirtithe Wavelength ar fad, agus tacaíocht a thabhairt dóibh rochtain a fháil ar réimsí dúshlán éagsúla, rud a d'fhág nach raibh aon bhac ar a gcuid rannpháirtíochta."*

I gcás gach leibhéil gradaim faoi seach, idir umha, airgead agus ór, caithfidh an rannpháirtí tabhairt faoi oiread seo seachtainí dúshlán, dúshláin a bhaineann le scileanna pearsanta, le caitheamh aimsire fisiceach, agus le rannpháirtíocht sa phobal.

Na daoine atá páirteach in Wavelength, is minic a luann siad an aithne ar dhaoine nua faoi chomaoin Gradaim Gaisce, rud ba chúnamh dóibh sa chomhtháthú i saol na hÉireann, agus i gcothú sprid an phobail ina gcroí féin.

Is éard a bhí le rá ag duine de rannpháirtithe Wavelength: *"An turas a rinne mé le Gaisce, thug sé deis dom aithne a chur ar dhaoine nua, scileanna nua a fhoghlaim, agus a bheith níos gníomhaí i mo phobal féin. Murach tionscadal Wavelength, is lú taithí saoil a bheadh faighte agam. Is iomaí cara nua agam faoi seo, daoine ar chuir mé aithne orthu ar pháirc na peile nó le linn obair dheonach, a bhuíochas sin do Ghaisce. Tá níos mó i gceist le Gaisce dar liom féin ná gradam. Is eispéireas é a chuir athrú ar mo shaol."*

Ar feadh na paindéime, rinne foireann Wavelength a seacht ndícheall ionas nach dtriomódh suim na ndaoine óga sna Gradaim Gaisce, rud ba bhaol de bharr na gconstaicí agus na srianta fisiceacha a bhí i bhfeidhm. Imeachtaí saincheaptha a reáchtáil siad ar líne, sin mar a d'éirigh leo an méid sin a dhéanamh. *"Tá na daoine óga le moladh go spéir,"* a deir Sanaz. *"Shín siad na sciatháin, shaothraigh siad a gcuid gradam féin, agus chuir siad a gcuid oibre in oiriúint don dianghlasáil agus do na srianta ar fad. Ba mhór an inspioráid iad fiú nuair a bhí an crú ar an tairne."*



## Teagmháil leis an Aontas Eorpach

### Ar líne

Tá tuilleadh eolais faoin Aontas Eorpach le fáil ar shuíomh gréasáin Europa: www.europa.eu

### Ar an bhfón nó le ríomhphost

Is seirbhís é Europe Direct a fhreagraíonn do cheisteanna faoin Aontas Eorpach:

- Saorghlao: **00800 67 89 10 11** (d'fhéadfadh oibreoirí áirithe táille a ghearradh as na glaonna sin),
- Le ríomhphost: europa.eu/european-union/contact_en

### I bPearsa

Tabhair cuairt ar cheann d'Ionaid Europe Direct: www.europedirect.europa.eu

### Ionaid faisnéise:

*Europe Direct Chluain Eois*
98 Ascaill Chluain Eois,
Co. Mhuineacháin H23 RW70
cloneslibrary@monaghancoco.ie

*Europe Direct Bhaile Bhlainséir*
Lárionad Cathrach, Ionad Siopadóireachta Bhaile Bhlainséir,
Baile Átha Cliath 15
europedirect@fingalcoco.ie

*Europe Direct Phort Laoise*
Teach Dhún Másc, Cearnóg Lyster,
Port Laoise,
Co. Laoise R32 X702
europedirect@laoiscoco.ie

*Europe Direct Leitir Ceanainn (agus Ghaoth Dobhair)*
Bóthar Oilibhéir Pluincéid, Leitir Ceanainn,
Co. Dhún na nGall F92 R273
eudirect@donegallibrary.ie

*Europe Direct Bhéal Átha na Sluaighe (agus na Ceathrún Rua)*
Leabharlann Bhéal Átha na Sluaighe,
Sráid an Chumainn,
Béal Átha na Sluaighe,
Co. na Gaillimhe H53 T320
Ballinasloe@galwaylibrary.ie

*Europe Direct Phort Láirge*
Lána Mhuire,
Co. Phort Láirge X91 V045
europedirect@waterfordcity.ie

*Europe Direct Shligigh*
Sráid Stiofáin,
Co. Shligigh F91 X264
europedirect@sligococo.ie

### Ionaid Doiciméadúcháin Eorpacha:

*An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Foilseacháin Oifigiúla & Ionaid Doiciméadúcháin Eorpacha*
Leabharlann James Joyce COBÁC,
An Coláiste Ollscoile,
Baile Átha Cliath, Belfield, Baile Átha Cliath 4

*Ionad Doiciméadúcháin Eorpach Ollscoil Luimnigh*
Leabharlann Glucksman,
Ollscoil Luimnigh, Luimneach

*Ionad Doiciméadúcháin Eorpach Robert Schuman*
Leabharlann COC,
Bóthar an Choláiste, Corcaigh

*Ionad Doiciméadúcháin Eorpach Ollscoil Bhaile Átha Cliath, Coláiste na Tríonóide*
Coláiste na Tríonóide, Sráid an Choláiste, Baile Átha Cliath 2

*Ionad Doiciméadúcháin Eorpach Ollscoil na hÉireann, Gaillimh*
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh,
Leabharlann James Hardiman,
Bóthar an Chaisleáin Nua, Gaillimh

### An Coimisiún Eorpach agus Parlaimint na hEorpa:

*Ionadaíocht an Choimisiúin Eorpaigh in Éirinn*
Teach na hEorpa, 12-14 Sráid an Mhóta Íochtarach, Baile Átha Cliath 2
www.euireland.ie

*Oifig Idirchaidrimh Pharlaimint na hEorpa in Éirinn*
Teach na hEorpa, 12-14 Sráid an Mhóta Íochtarach, Baile Átha Cliath 2
www.europarl.ie

An Coimisiún Eorpach

Chun tuilleadh eolais a fháil, téigh i dteagmháil le:


***Ionadaíocht an Choimisiúin Eorpaigh in Éirinn***

Teach na hEorpa, 12-14 Sráid an Mhóta Íochtarach, Baile Átha Cliath, Duga na Canálach Móire, Baile Átha Cliath D02 W710

Guthán: **+353 1 6341111**

Suíomh gréasáin: **www.euireland.ie**

Ríomhphost: **eu-ie-info-request@ec.europa.eu**


**@eurireland**
#AontaitheSanÉagsúlacht

**euireland**
#AontaitheSanÉagsúlacht

**EUIreland**